Déanam fán moine so soir

[Ní Dhonnchadha, Máirín: ‘Two female lovers’, *Ériu* 45, 113-9]

1  Déanam fán moine so soir,
itheam subha dár mbosaibh;
a mhacaoimh an gháire ghil
cuir do náire faoi d’ chosaibh!.

2  Ar ndul fán moine ndonn ndualach,
mise ’s an giolla fionn fiamhach,
scoláire loinnir choll gcraobhach,
mná ag aonach, fir ag fiadhach.

3  A ghéag, go lítear mé ort
do bhréig nó d’fhíor no d’ábhacht!
a ghéag úr na ngeallámh nglan
is leannán bean ó lítear.

4  Ná bíodh do ghruaim riom-sa
ar son do líthe oram-sa:
an ábhacht fá bhfaghthar guth
dánacht is maith dá múchadh!

5  Dá ngabhthaoi leabhar ó dhís,
ó Dhia is maith do bheamaois;
an uair nach gabhthar teist uann
tóg ort feasta agus déanam!  d/e/a/n/a/m/f/a/n/moi/ne/so